## Muintearas Teoranta Tír na Fhia, Leitir Móir. Co na Gaillimhe

# Ráiteas um Chumhdach Leanaí

1. **EOLAS FAOI MHUINTEARAS**
   - Is comhlacht forbartha pobail agus oiliúna é Muintearas. Bunaíodh an comhlacht i 1980. Tá príomhoifig Mhuintearais lonnaithe i dTír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe agus tá fo-oifigí againn ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall agus in Ionad Pobail na Rinne, Dún Gharbhán, Co. Phort Láirge. Cuireann Muintearas Teo na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

**NA SEIRBHÍSÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ A CHUIRTEAR AR FÁIL**

**Naíolann na nOileán, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe** - ionad cúram leanaí agus cúram iarscoile cláraithe (aois ghrúpa 6 mhí - 12 bliain). Cuireann Naíolann na nOileáin cúram sheisiúnach, cúram páirt-aimseartha agus cúram lae ar fáil do leanaí réamhscoile, maraon le seirbhís chúram iarscoile do leanaí bunscoile. Líon fostaithe (11 Naíolann) – (Iarscoileanna 03)

**Naíolann Ghaoth Dobhair, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall** - ionad cúram leanaí & cúram iarscoile cláraithe (aois ghrúpa 6 mhí - 12 bliain). Cuireann Naíolann Ghaoth Dobhair cúram sheisiúnach, cúram páirt-aimseartha agus cúram lae ar fáil do leanaí réamhscoile, maraon le seirbhís chúram iarscoile do leanaí bunscoile. Lion fostaithe – 12

- **Scéim na gcúntóirí Teanga** - cúntóir teanga ag obair i mbunscoileanna agus meánscoileanna Gaeltachta i nGaillimh, Maigh Eo, Dún na nGall agus Co. na Mí (aois ghrúpa 4 - 18 bliain). Tá 85 Cúntóir Teanga fostaithe againn ag freastal ar 108 scoil Ghaeltachta. Oibríonn siad le grúpaí de pháistí / daltaí meánscoile, ag tacú leo an Ghaeilge a shealbhú agus scileanna teanga a fhorbairt, agus faoi stiúir an Phríomhoide agus an mhúinteora ranga.

- **Tacaíocht Óige Do Theaghlaigh** - a oibríonn le leanaí le riachtanais speisialta i gConamara (aois ghrúpa 4 -18 bl). Bíonn na háisitheoirí oideachais ag obair duine-ar-dhuine le leanaí le riachtanais speisialta, is tacaíocht é seo, chun deis a thabhairt do tuismitheoir(í)/caomhnóir(í), briseadh 3 – 5 uair a chloig sa tseachtain a fháil - **Líon fostaithe 3**

- **Clár Aclaíocht agus Spóirt** - teagascóirí spóirt ag obair i mbunscoileanna Chonamara (aois ghrúpa 4 - 13 bliain). Cuireann na teagascóirí ranganna aclaíochta agus spóirt ar fáil i suas le 20 bunscoil, faoi stiúir an Phríomhoide. **Líon fostaithe 02**

- **Bun chlubanna:** Ag feidhmiú in ngach ceantar Gaeltachta (aois ghrúpa 7 - 12 bliain). Tagann na bun chlubanna le chéile, ar a laghad, uair amháin sa tseachtain ar feadh 32 seachtain sa mbliain. Bíonn Bun Chlubanna ar siúl i gCorcaigh, Ciarraí, Gaillimh, Maigh Eo agus Dún nan Gall. Bíonn oibrithe deonacha i bhfeighil an chlub. Bíonn coiste d'oibrite deonacha óga linn gach seisiún den chlub. **Líon fostaithe – 02**
- **Clubanna Óige:** i ngach ceantar Gaeltachta (aois ghrúpa 12 - 18 bliain). Tagann na bun chlubanna le chéile uair amháin sa tseachtain ar feadh 32 seachtain sa mbliain. Bíonn Clubanna Óige ar siúl i gCorcaigh, Ciarraí, Gaillimh, Maigh Eo agus Dún nan Gall. Bíonn coiste d'oibrithe deonacha ag gach club agus bíonn an coiste I bhfeighil na ndaoine óga le linn gach seisiún den chlub óige. **Líon fostaithe – 02**
- **Clár UBU** (faoi choimirce an GRETB), tacaíocht lasmuigh do am scoile a sholáthar do dhaoine óige (aois ghrúpa 10 - 24 bl) ina bpobail lena chur ar a gcumas chun droch-chúinsí a shárú agus a lán chumas a bhaint amach trí fheabhas a chur ar a dtorthaí forbartha pearsanta agus sóisialta. **Líon fostaithe 01 – Bíonn an té seo ag feidhmiú idir Ceantar na nOileáin agus Ceantar Chárna.**
- **Ionaid Bualadh Isteach don Óige** - **Ionad Óige Charna, Ionad Óige an Cheathrú Rua, Ionad Óige Ros muc / Chamus agus Ionad Óige Ghaoth Dobhair** - ionaid bualadh isteach do dhéagóirí (aois ghrúpa 12 - 18 bliain). Bíonn na hIonaid oscailte suas le 4 lá sa tseachtain, Líon **Fostaithe 06**

## 2. Ár dtiomantas chun Leanaí a Chosaint ó Dhíobháil

**Ciallaíonn díobháil", i ndáil le leanbh: (a) ionsaí, drochíde nó faillí ar an leanbh ar shlí a théann i gcion go tromchúiseach nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh, nó. (b) mí-úsáid ghnéasach an linbh.**

| |
|---|
| Maidir le hullmhúchán Ráiteas um Chumhdach Leanaí, tá aontaithe againn leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo agus cuirfidh muid i bhfeidhm iad ina n-iomláine, gan leasú. |

De réir riachtanais an ***Achta Tús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta Um Chosaint agus Leasa Leanaí Treoir maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí a Fhorbairt*** https://www.tusla.ie/children-first/children-first-guidance-and-legislation/

Tuigeann gach rannóg oibre i Muintearas gurb é leas an linbh/ an duine óig an ní is tábhachtaí i gcónaí. Táimid tiomanta do leanaí/ daoine óga a bhíonn faoin ár gcúram a chosaint ó díobháil/ dhochar ar bith, agus chun timpeallacht sábháilte agus tacúil a chur ar fáil dóibh Cuireann muid cearta an linbh /an duine óig chun cinn, ina n-áirítear iad a choinneáil sábháilte, iad a chosaint ó díobháil/dhochar, cead cainte a bheith acu agus go n-éisteofar leo, agus ionchur a bheith acu inár seirbhísí Aithnítear sa Ráiteas seo go bhfuil leas leanaí ríthábhachtach i ngach cúinse de réir na reachtaíochta agus de réir riachtanas ár gcód agus ár Rialacha. Tá sé mar aidhm leis go mbíonn taithí dearfach, forbartha ag gach leanbh agus duine óg agus nuair atá siad ag glacadh páirt inár ngníomhaíochtaí go ndéanann siad é sin, a mhéid agus indéanta, i dtimpeallacht shábháilte agus thaitneamhach. Tá Muintearas tiomanta do chleachtas leanbh-larnaithe in ár gcuid oibre ar fad le leanaí agus le daoine óga.

Tá na Polasaithe agus Nósanna Imeachta againn ag teacht le reachtaíocht agus polasaithe náisiúnta, agus bunaithe ar *Acht um Chúram Leanaí 1991, an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1988 agus an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016*. *Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017*, *Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta Um Chosaint agus Leasa Leanaí* https://www.tusla.ie/children-first/children-first-guidance-and-legislation/

Déanfaidh muid athbhreithniú ar ár polasaithe agus nósanna imeachtaí a théann leis an Ráiteas, ar an laghad gach darna bliain, nó aon uair a thagann athrú ar ár seirbhísí, sa reachtaíocht a bhaineann le cosaint leanaí nó ar aon chuspóir a bhaineann leo.

Baineann ár treoirphrionsabail, ár bpolasaithe agus ár nósanna imeachta le gach uile ball foirne de chuid Mhuintearais, gach stiúrthóir ar an gcomhlacht, gach oibrí/deonach faoi choimirce Mhuintearais agus gach duine a chaitheann tréimhse ar thaithí oibre linn. Caithfidh gach uile ball foirne, stiúrthóir, oibrí deonach agus daoine ar thaithí oibre síniú go bhfuil na polasaithe agus nósanna imeacht léite acu agus deimhniú go gcuirfear iad i bhfeidhm. Tá sé de dhualgas ar gach oibrí, stiúrthóir, oibrí deonach agus mic-léinn ar thaithí oibre iad féin a iompair ar bhealach a chloíonn go docht lenár treoirphrionsabail, polasaithe agus nósanna imeachta.

Is éard atá i gceist againn lenár dtreoirphrionsabail a leagan amach ná ár dtiomántas do chosaint agus leas leanaí/ daoine óga a chur in iúl don fhoireann, do stiúrthóirí an chomhlachta, d'oibrithe deonacha agus mic-léinn ar thaithí oibre, do gach Leanbh / duine óg agus do gach tuismitheoir teaghlach a bhaineann úsáid as ár seirbhísí

**Dhaoine Sainordaithe**

San ***Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*** cuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine sainordaithe ábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ag tairseach shonraithe nó os a cionn, chuig Tusla.

- Ní mór do na daoine sainordaithe seo cuidiú le Tusla ar iarratas, ina measúnú ar ábhair imní um chosaint leanaí faoi leanaí a bhí mar an t-ábhar de thuairisc shainordaithe.

- ***Faoin Acht um Chosaint Leanaí 2015*** is iad seo a leanas na Daoine Sainordaithe: Duine atá i mbun seirbhíse réamhscoile laistigh den tsainmhíniú **de Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí 1991**

- Ball foirne cúram leanaí atá fostaithe i seirbhís réamhscoile laistigh den tsainmhíniú de ***Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí 1991*** Bíonn an fhreagracht ar Dhaoine Sainordaithe a n-oibleagáidí a thuiscint mar atá leagtha amach san ***Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus i gcaibidil 3 de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí***. Déanfaidh Daoine Sainordaithe atreoraithe um chosaint leanaí chuig Tusla, in éineacht leis an Duine idirchaidrimh Ainmnithe (DIA). Mura gcomhlíonann Daoine Sainordaithe a n-oibleagáidí dlíthiúla d'fhéadfaí plé leo faoin gconradh fosaíochta.

**Liosta na ndaoine Sainordaithe** Coinníonn DIA liosta de na Daoine Sainordaithe. Tá siadsan freagrach as an liosta a thabhairt suas chun dáta agus a choimeád. Tá sé ar fáil ar iarratas.

## 3. Polasaithe agus Nósanna Imeachta Mhuintearais Teo Chosaint Leanaí

Forbraíodh Ráiteas um Chumhdach Leanaí Mhuintearais ar aon dul leis na ndualgas atá sainithe san ***Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoirlíne Náisiúnta, agus Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas (TÚSLA).*** Chomh maith leis na polasaithe agus nósanna imeachta atá sonraithe inár measúnú riosca um Chumhdach Leanaí, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár dtiomantas chun leanaí a chosaint ó dhíobháil agus iad ag freastal ar ár seirbhísí:

Maidir le soláthar an eolais agus, nuair is gá, teagaisc agus oiliúna don fhoireann maidir le déanamh díobhála a aithint (mar a shainmhínítear san *Acht 2015*) déanann muid na nithe seo a leanas –

- A chinntiú gur leas an linbh an rud is tábhachtaí thar aon ní gealltanas go dtabharfar cosaint chothrom do gach leanbh/ duine óg ó dhochar beag beann ar chine, cumas, eitneachas nó claonadh gnéasach
- **Cóip de Ráiteas Um Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann**
- Tá Duine idirchaidrimh Ainmnithe agus leas -dhuine ceaptha do gach rannóg oibre ábhartha a cheapadh agus a choinneáil cothrom le dáta
- A chinntiú go bhfuil grinn fhiosrúchán an Gharda Síochána dhéanamh ar gach duine a bhíonn teagmháil acu le leanaí / daoine óg san eagraíocht
- Nós imeachta Mhuintearais chun déileáil le líomháin mí-úsáide nó mí-iompar i leith fostaithe / oibrí deonach / mac-léinn ar thaithí oibre/ Nós imeachta i ndáil le bainistíocht líomhaintí
- Nós imeachta Mhuintearais i leith fostaithe agus oibrithe deonacha a earcú agus a roghnú d'aon phost a bhaineann le hobair le leanaí / daoine óga, cloíonn an teagraíocht le riachtanais ghrinn fhiosraithe reachtúla an Achta BGN (Leanaí agus daoine soghonta) 2012 go 2016 agus le treoir níos forleithne dhualgas chúraim leagtha amach i gciorcláin ábhartha na nGardaí um grinnfhiosrú.

- Nós imeachta Mhuintearais maidir le heolas agus oiliúint i gcosaint leanaí a chur ar fáil don fhoireann, ina n-áirítear sainaitheantas ar nuair a dhéantar dochar do leanaí Tá an Modúl Ríomhfhoghlaim Tusla - Réamheolas ar Tús Áite do Leanaí déanta ag an bhfoireann. Tá taifid **de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne.**
- Maidir le Tusla / Garda Síochána i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, tá ar gach duine na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin ***Acht um Thús Áite do Leanaí 2015****.*
- Nós imeachta Mhuintearais i dtaobh liosta den fhoireann atá ina ndaoine faoi Shainordú faoin ***Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*** inár seirbhísí ábhartha a choinneáil cothrom le dáta
- Nós imeachta Mhuintearais maidir le Duine Ábhartha a cheapadh le bheith freagrach do Chosaint leanaí
- Nós imeachta Mhuintearais chun taifead ar chosaint leanaí a choinneáil
- Nós Imeachta Mhuintearais maidir le maoirsiú agus tacaíocht a chur ar fáil do gach uile ball foirne ábhartha nuair is gá
- Ionduchtú do Bhaill Foirne Nua (ina bhfuil nósanna imeachta chun fostaithe nua a chur ar an eolas maidir leis an Ráiteas Chumhdach Leanaí agus na polasaithe agus nósanna imeachta cosanta a théann leis) agus Cód Cleachtais Mhuintearais maidir le hoibriú le leanaí / daoine óga

**Tá an DIA luaite ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear san *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015)* le bheith ina chéad phointe teagmhála maidir le Cosaint leanaí**

| Rannóg | Ainm | Sonraí Teagmhála |
|---|---|---|
| **Cúram Leanaí** | Mairín Ní Chonghaile<br>Naíolann na nOileáin | 091-551599<br>ni_chonghaile@muintearas.com |
| | | 074-9531958 |

| | | |
|---|---|---|
| | Caitlín Uí Dhúgáin<br>Naíolann Ghaoth Dobhair | naiolanngd@muintearas.com |
| **Óige** | Angela Ní Thuathail<br>Gaillimh / Maigh Eo / Ciarraí / Corcaigh / An Mhí | 091-551145<br>angela@muintearas.com |
| | Dónal Mac Ghiolla Bhríde<br>(Dún na Gall)<br><br>Síle Uí Ghallachóir<br>(Ionad Óige Ghaoth Dobhair) | 074-9532578<br>donal@muintearas.com<br><br>074-9532578<br>sile@muintearas.com |
| **Scéim na gCuntóirí Teanga** | Máirín Nic Fhionghuin<br>(Gaillimh / Maigh Eo) | 091-551145<br>mairin@muintearas.com |
| | Síle Uí Ghallachóir<br>(Dún na nGall) | 074-9532578<br>sile@muintearas.com |
| **Seirbhísí Spóirt & Áisitheoirí Oideachais** | Angela Ní Thuathail | 091-551145<br>angela@muintearas.com |

| | | |
|---|---|---|
| | | |

## 4 Measúnú Riosca

De réir an *Achta um Thús Áite do Leanaí 2015*, tá Muintearas tar éis measúnú a dhéanamh maidir le haon dochar a d'fhéadfadh tarlú do leanaí/ daoine óga agus iad ag baint leas as seirbhísí na heagraíochta agus iad ag freastal ar aon cheann de na seirbhísí a bhíonn á chur ar fáil ag Muintearas  Tá sé mar aidhm leis go mbíonn taithí dearfach, forbartha ag gach leanbh agus duine óg agus nuair atá siad ag glacadh páirt inár ngníomhaíochtaí go ndéanann siad é sin, a mhéid agus indéanta, i dtimpeallacht shábháilte agus thaitneamhach

Seo thíos liosta de na réimsí riosca a aithníodh agus liosta de na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú.

| Riosca aitheanta | Údar | Nós imeachta i bhfeidhm chun an riosca a aithint agus a bhainistiú | Leibhéal riosca |
|---|---|---|---|
| **1.Díobháil ag tarlú mí-úsáid lena n-áirítear**<br>• **Faillí**<br>• **Mhothúchánach**<br>• **ionsaí fhisiciúil**<br>• **mí-úsáid gnéis**<br>**do leanaí/ daoine óga, daoine leochaileacha ón bhfoireann/oibrí deonacha nó aon duine atá ag obair go díreacha le leanaí.** | ➢ Gan an foireann díobháil a aithint NÓ gan claoi leis oibleagáid reachtúil atá orthu<br>➢ Gan comharthaí comhsheasmhacha a thaifead<br>➢ Gan DIA a chur ar an eolas faoi imní.<br>➢ Nach ndéanfaidh DIA tuairisc chuig Tusla/ Gardaí<br>➢ Ghortú/ dochar le linn dlúth chúraim<br>➢ Easpa tuisceana ar an nósanna | • Earcaíochta<br>• Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána<br>• Cosaint leanaí / déileáil le líomhaintí<br>• Cód iompraíochta a bheith tugtha do gach ball foirne<br>• Nósanna tuairisciú líomhaintí i Leith fostaithe/oibrí deonach<br>• Ráiteas um Chumhdach Leanaí' agus cóip de 'Nósanna Imeachta Chosaint Leanaí' a chur ar fáil do gach ball foirne | Meán |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Daoine óga ag déanamh mí úsáid ar chéile**<br><br>• **Sin díobháil n a mbíonn tionchar tromchúiseach aige ar shláinte forbairt an linbh.** | imeachta Chosaint Leanaí atá le leanacht ag gach duine nuair atá siad i mbun ghníomhachtaí pé clár de eagraíocht<br>➢ Mi- úsáid tarlú idir daoine óga | • DIA & Leas-DIA.<br>• Foireann iomlán le clár r-fhoghlama Tusla 'Introduction to Children First'& clár r-fhoghlama 'Cosaint Leanaí' a chomhlíonadh. | |
| **2.**<br>**líomhaintí / Gearán i leith fostaithe, oibrí/ deonacha /mic léinn/ cúntóirí teanga agus aon duine atá fostaí ag an eagraíocht go buan nó sealadach** | ➢ Nach mbeadh an fostaí feiliúnach oibriú le leanaí.<br>➢ Na mbeadh Ionduchtú na nach mbeadh eolas acu ar na polasaithe agus nósanna imeachta.<br>➢ Na mbeadh Maoirseachta a dhéanamh le fostaí nua /mic léinn nuair a thosaíonn siad ag obair | • Earcaíocht<br>• Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána<br>• Ionduchtú<br>• Polasaí Mic Léinn/ Taithí oibre<br>• Cód iompraíochta a bheith tugtha do gach ball foirne<br>• Nósanna tuairisciú líomhaintí i Leith fostaithe/oibrí deonach<br>• Ráiteas um Chumhdach Leanaí' agus cóip de 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí' a chur ar fáil do gach ball foirne<br>• DIA & Leas-DIA.<br>Foireann iomlán le clár r-fhoghlama Tusla 'Introduction to Children First'& clár r-fhoghlama 'Cosaint Leanaí' a chomhlíonadh. | Ard |
| 3<br>**Earcú foireann in na measc**<br>• **Baill foirne** | ➢ An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann díobháil do leanbh/ duine óg | • Polasaí earcaíocht<br>• Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>• Dearbhú Reachtúil maidir le cosaint | Ard |

| | | | |
|---|---|---|---|
| • **Oibrí deonacha**<br>• **Cúntóirí teanga**<br>• **Oiliúnóirí spóirt**<br>• **Teagascóirí sealadach**<br>• **Oibrí tacaíochta óige**<br>• **Fostaí clubanna óige agus bualadh isteach**<br>• **Fostaí UBU** | ➢ Nach mbeadh seiceáil cheart déanta ar Teistiméireacht a lorg ó gach duine<br>➢ Daoine mí-oiriúnach a earcú<br>➢ Nach mbeadh aird tugtha ag an eagraíocht ar nochta eolais an Gharda Síochána<br>➢ Gan measúnú riosca a dhéanamh ar an Nochtú<br>➢ Gan rioscaí díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú chuig DIA | leanaí<br>• Gnáthnósanna seiceála ar nós tagairtí air iarraidh & a fhiosrú agus aon bhearnaí nár míníodh sa cv a chinntiú 'Ráiteas um Chumhdach Leanaí' cóip de 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí' a chur ar fáil do gach ball foirne.<br>• Clár r-fhoghlama Tusla 'Introduction to Children First'& clár r-fhoghlama 'Cosaint Leanaí' | |
| **4**<br>**Teagascóirí sealadacha / ábhair ar leith** | ➢ Gan traenáil cuí iad ag cuir pionós/ Díobháil ar leanbh nó a gcuir I mbaol<br>➢ Gan tuiscint a bheidh acu ar na polasaithe nósanna imeacht<br>➢ Gan fostaí do chuid na heagraíochta a bheidh le Teagascóirí sealadach | • Polasaí Ionduchtú agus Traenála<br>• Cód Iompraíochta idir Oibrithe agus Leanaí tugtha do gach ball foirne<br>• Comhaontú cíosa le ionaid phobail<br>• Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>• Fostaí faoi chúram grúpaí gcónaí | Ard |
| **5**<br>**Oibrí deonacha chlubanna óige** | ➢ An riosca go ndéanfadh an oibrí díobháil do leanbh/ duine óg<br>➢ Caidreamh mí-oiriúnach idir ball agus duine fásta.<br>➢ Easpa maoirseacht ag imeachtaí/club | • Polasaí Ionduchtú agus Traenála<br>• Cód iompraíochta idir oibrithe agus leanaí<br>• Comhaontú cíosa le ionaid phobail<br>• Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>• Fostaí faoi chúram grúpaí gcónaí | Meán |
| **6**<br>**Mí úsáid i measc piaraí/ daoine** | ➢ An riosca go ndéanfaí Mí úsáid idir Piaraí / daoine fásta | • Cód Iompraíochta idir oibrithe agus leanaí | Ard |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **fásta, bulaíocht san áireamh anseo** | ➢ Caidreamh mí-oiriúnach idir beirt bhall<br><br>➢ Bulaíocht Tarlú Gan bhulaíocht a thuairiscí nó gan é a thabhairt faoi deara.<br>➢ Easpa maoirseacht ag imeachtaí/club/<br>➢ Gan dóthain Feitheoireachta a dhéanamh | • Socruithe grúpa I bhfeidhm agus ar eolas ag gach duine<br>• Polasaí Bulaíochta chun déileáil leis bulaíocht<br>• Ceardlanna fríth-bhulaíocht a eagrú leis na leanaí/ daoine óga<br>• Nósanna imeachta ag na grúpaí éagsúla lena bhfuil na leanaí/ daoine óga páirteach a gcúr le chéile<br>• Polasaí Cosaint Leanaí:<br>• Ráiteas um Chumhdach Leanaí.<br>• Feitheoireacht chuí a chinntiú le linn ghníomhachtaí coibhneas foirne agus leanaí<br>• | |
| 7<br>**Úsáid mí chuí ar teicneolaíocht agus thrí cumarsáid le chéile ríomhaireachta** | ➢ An riosca go mbeadh úsáid mí chuí ag tarlú ar na mheáin shóisialta nó sa grúpaí éagsúla.<br>➢ Cumarsáid idir baill foirne/ceannairí le baill tríd théacsanna, ar na meáin shóisialta, ar ghléas digiteach agus rl agus ábhar míchuí a bheith a chuir ar fáil/a scaipeadh.<br>➢ Baol mí-úsáid a dhéanamh ar dhuine óg de bharr gníomhaíochtaí ar-líne<br>➢ Gan riosca a thabhairt faoi | • Cód Iompraíochta idir oibrithe agus leanaí I bhfeidhm/Socruithe grúpa I bhfeidhm<br>• Polasaí Meáin Shóisialta<br>• Úsáid idirlíon<br>• Polasaí bulaíochta | Ard |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | deara gan aon ní a dhéanamh faoi.<br>➢ Nuair nach cuireann na leanaí na daoine óga i iúl é.<br>➢ Go bhféadfadh leanaí teacht ar eolas íomhánna mí oiriúnach agus iad a roinnt<br>➢ Bulaíochta tarlú | | |
| **8 Stóráil eolais / pictiúir /cosaint sonraí**<br>**Fón Póca** | ➢ Go mbeadh sonraí agus grianghraif leanaí a úsáid go mí-chuí<br>➢ Go mbeadh duine ag úsáid fón póca pearsanta chun grianghraif a thógáil do leanaí daoine óga<br>➢ Teagmháil le cinnirí eile/ leanaí daoine óg | • **Polasaí Cosaint Sonraí**<br>• Cead faighte ó thuismitheoirí maidir le húsáid grianghraf /sonraí<br>• Ní bhíonn ainm páistí luaite le grianghraf **a úsáidfear le poiblíocht**<br>• Níl cead fón póca pearsanta a úsáid chun grianghraif a thógáil do leanaí daoine óga. / cumarsáide a dhéanamh le leanaí/ daoine óga cinnire. Is tríd an eagraíocht amháin a dhéantar seo<br>• Faightear réidh le sonraí/pictiúir laistigh de na tréimhsí coinneála cuí | Ard |
| **9 Cuairteoirí**<br>• **Tuismitheoirí**<br>• **Cuairteoirí ar láthair le linn an lae**<br>• **Conraitheoirí ar láthair le linn an lae** | ➢ An riosca go ndéanfadh cuairteoirí ar láthair díobháil do leanbh/ duine óg | • Polasaí cuairteoirí<br>• Cuairteoirí le síniú isteach<br>• Cárta aitheantais le taispeáint, más ábhartha Leanaí/ daoine óga faoi chúram fostaí i gcónaí.<br>• Seoltar leanaí i mbeirteanna má tá siad ag imeacht ón áit go háit le dul ar | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | theachtaireachtaí nó ranganna | |
| **10**<br>**Leanaí/ daoine óg a leochaileacha le Mí chumas**<br>**• ó mhionlaigh eitneacha nó imircigh**<br>**• An Lucht Siúil**<br>**•ó Mhionlaigh Chreidimh**<br>**• faoi chúram an Stáit**<br>**• ar an gcóras Fógartha um Chosaint Leanaí** | ➢ An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh/Duine óg<br>➢ gan tuiscint a bheith acu go bhfuil mí úsáid ag tarlú dóibh.<br>➢ Nuair nach féidir leis na leanaí/ daoine óga mí úsáid a chuir in iúl.<br>➢ Gan aon aird a thabhairt ortha | • Polasaí bhulaíochta: cuirtear polasaí bhulaíochta i bhfeidhm.<br>• Cód Iompraíochta idir oibrithe agus leanaí<br>• Polasaí Cosaint Leanaí:<br>• Ráiteas um Chumhdach Leanaí.<br>• Feitheoireacht chuí a chinntiú le linn ghníomhachtaí | Ard |
| **11 Turais leabharlann,**<br>• **Siúlóidí lasmuigh den ionad**<br>• **Turais eagraithe go shuíomhanna eile pictiúrlann/** | ➢ Mí úsáid ó eagraíocht eile le linn turais<br>➢ Leanaí/ daoine óga dul amú le linn turais<br>➢ Timpistí tarlú<br>➢ Gan dóthain foireann<br>➢ Nach mbeadh Measúnú riosca déanta roimh an turas<br>➢ Gan dóthain coibhneas<br>➢ Shuíomhanna oscailte go mbíonn daoine eile ag freastal | • Ráiteas um Chumhdach Leanaí<br>• Polasaí Cosaint Leanaí<br>• Polasaí Rannpháirteach le Tuismitheoirí / caomhnóirí<br>• Polasaí Árachais<br>• Polasaí Sláinte & Sábháilteachta<br>• Measúnú Riosca<br>• Caoimhneas leanaí/ daoine fásta<br>• Polasaí ag déileáil le timpistí/ gortú nósanna imeacht maidir le leanbh/ duine óg dul amú ar Thurais<br>• Cod iompraíochta idir oibrithe agus leanaí<br>• Foirm thuairiscithe ar thimpiste / eachtra<br>• Foirm cead tuismitheoirí<br>• Boscaí garchabhair ar gach turas agus | Ard |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | eile | |
| **12.Mí-úsáid ar chuairteanna thar oíche agus malartú idir ceantair** | ➢ An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh/duine óg ó daoine ó eagraíochtaí eile mar shampla grúpaí eile ag freastal nach mbeadh aithne ag an eagraíochta ortha<br>➢ Gan dóthain mhaoirseacht /cóimheas mí chuí<br>➢ Gan measúnú riosca a bheith déanta<br>➢ Nach mbeadh an ceantar áit feiliúnach | • Polasaí Árachais<br>• Polasaí fanacht thar oíche<br>• Coibhneas foirne/ leanaí agus nósanna imeachta soiléire chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí/daoine óga le linn cuairteanna srl<br>• Measúnú Riosca<br>• Comhaontú idir clubanna sula dtosaíonn an chuairt Malartú ionas go mbeidh fios cén na Polasaithe a bheidh I bhfeidhm | Ard |
| **13 Úsáid Áiseanna ionaid eile le Imeachtaí M.sh ionaid bualadh isteach** | ➢ An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh/duine óg mar gheall ar gan dóthain mhaoirseacht agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí nach mbíonn ar siúl ar láthair an ionaid<br>➢ Nithe eile a bheith ar súil sa ionad<br>➢ | • Tá polasaí coibhneas foirne leanaí soiléire chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí/daoine óga le linn gníomhaíochtaí pé áit a bhfuil sé ar siúl agus na leanaí/ daoine óga faoi chúram oibrí.<br>• Comhaontú cíosa le ionaid eile<br>• Measúnú Riosca déanta ríomh ionaid eile a úsáid | Ard |
| **14.Timpistí/gortuithe tromchúiseacha** | ➢ Nach mbeadh cúrsa garchabhair déanta ag an bhfoireann<br>➢ Gortú tarlú gan coir leigheas a dhéanamh | • Polasaí ag Dealáil le Timpistí/ tromchúiseach<br>• Tuiscint ag an bhfoireann na nósanna imeachta<br>• Traenáil garchabhair rialta ag an | Ard |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ➢ Gan bosca garchabhair a bheith ar láthair | bhfoireann<br>• Riaradh ar Gharchabhair<br>• Boscaí garchabhair ar láthair i gcónaí<br>• Foirm Tuairisc timpiste | |
| **15 Cógas leigheas féin riaradh** | ➢ Ag tabhairt cógas gan cead faighte ó Thuismitheoirí/ caomhnóirí.<br>➢ Botún tarlú agus an cógas á riaradh,<br>➢ Drochéifeachtaí<br>➢ Neamh aird a thabhairt ar treoracha<br>➢ Gan taifead a choinneáil | • Polasaí Cógas Leigheas / féin riaradh/ Taifead ar Chógas Leighis | Ard |
| **16 Iompar dúshlánach Gortú Daoine óga / leanaí/ foireann** | ➢ Ionsaí Srianadh fisiceach,<br>➢ Gortú fisiciúla tarlú<br>➢ Gan taifead a dhéanamh<br>➢ Gan é a chuir I iúil do Bhainisteoir | • Polasaí bainistiú fadhbanna iompraíocht dúshlánach | Meán |
| **17 Taisteal Ar Bus (Cúram Iar Scoile agus Naíolann) agus Turais** | ➢ Troid ar an mbus idir leanaí daoine óga<br>➢ Tiománaí bus leo féin<br>➢ Gan dóthain daoine fásta le daoine óga/ leanaí<br>➢ Díobháil/ bulaíochta tarlú<br>➢ Gan crios sábhála orthu<br>➢ Leanbh/duine óg ar iarradh<br>➢ Cúntóirí teanga dul ar thurais scoile | • Polasaí bailiú leanaí<br>• Polasaí Turas<br>• Polasaí iompraíocht agus nósanna imeacht iompraíochta<br>• Polasaí Cosaint Leanaí<br>• Polasaí Sláinte & Sábháilteachta<br>• Measúnú Riosca<br>• Beidh oibrí ar an mbus leis an tiománaí de réir an pholasaí<br>• Polasaí AG tabhairt leanaí ar Turas nósanna imeachta a bhaineann le | Meán |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | modh iompar/ bailiú on scoil/ ag siúl<br>• Is iad polasaithe agus nósanna imeacht na scoile a bheidh an cúntóir teanga claoi leo | |
| **18 Bia** | ➢ Faillí<br>➢ Gan lón feiliúnach/dóthanach a bheith curtha ar fáil ag tuismitheoirí/ caomhnóirí<br>➢ Bia oiriúnach d'aois/staid fhorbartha an linbh | • Polasaí Bia<br>• Rannpháirteach Tuismitheoirí/caomhnóirí<br>• Caidreamh maith idir foireann agus tuismitheoirí/ caomhnóirí | Meán |
| **19 Cúntóir teanga** | ➢ Nach mbeadh tuiscint acu díobhála a aithint /nó gan imní a thuairisciú, na thaifead a dhéanamh<br>➢ Gan DIA a chur ar an eolas faoi imní<br>➢ Nach mbeadh aird a thabhairt ar clár gníomhaíochtaí<br>➢ Cúntóir fágtha I bhfeighil an rang dá dtarlóidh cúis go mbeadh ar an múinteoir an seomra a fhágáil. | • Comhaontú idir an scoil agus Muintearas le nósanna imeacht aontaithe maidir le cosaint leanaí a thuairisciú / múinteoir sa rang leis an gcúntóir teanga an tam ar fad<br>• Polasaí cosaint leanaí/ Tuairisciú a dhéanamh<br>• Múinteoir ag fágáil an seomra ar feadh seal beag beidh doras ar rang ar oscailt<br>• Polasaí earcaíocht<br>• Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>• Dearbhú Reachtúil maidir le cosaint leanaí | Meán |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **20 Ag obair duine-ar-dhuine le leanaí le riachtanais speisialta/duine leochaileacha ar Suíomh eile m.sh I teach an leanbh/ duine óg** | ➢ Nach mbeadh tuiscint ag an duine ar riachtanais an leanbh<br>➢ Duine leochaileach<br>➢ Nach mbeadh clár ngníomhachtaí<br>➢ Na mbeadh dóthain Tacaíocht ar fáil do Oibrí | • Comhaontú idir Muintearas agus Tuismitheoirí/ Caomhnóirí an Leanbh<br>• Polasaí Cosaint Leanaí<br>• Ráiteas um Chumhdach Leanaí<br>• Polasaí riachtanais Speisialta | Ard |
| **21 Cúram do Leanaí a bhíonn tinn, a fhliuchann iad féin nó a bhfuil riachtanais dlúth phearsanta acu** | ➢ An riosca go ndéanfadh fhoireann ndíobháil do leanbh i suíomh leochaileach agus dlúth chúram á fháil ag an leanbh | • **Polasaí ar Dhlúth chúram *** le dtéachtadh** | Ard |
| **22 Eolas Rúnda a sceitheadh** | ➢ Go sceithfí eolas le daoine nach mbeadh aon baint acu leis an ábhar agus atá taobh amuigh de na polasaithe | • Polasaí rúndachta<br>• Polasaí cosaint Leanaí<br>• Ní roinnfear eolas ach ar bhoinn riachtanach<br>• Cosaint sonraí | Ard |
| **23 Mí úsáid Drugaí/Alcóil/ foireann/ daoine óga** | ➢ Go mbeadh foireann/ daoine óga faoi thionchar an alcól drugaí<br>➢ Go mbeadh foireann daoine óg ag roinnte alcól drugaí le daoine óga/ foireann | • Polasaí Drugaí / Alcól | |

**Nóta Tábhachtach**: Tugtar faoi deara gurb ionann riosca i gcomhthéacs na measúnachta seo agus an sainmhíniú a thugtar ar riosca

díobhála san ***Acht um Tús Áite do Leanaí 2015*** agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta.
Riosca Foriomlán
1 – 5 = Íseal
6 – 10 = Meán
12 – 25 = Ard
.

## 5 Cur i bhfeidhm agus Athbhreithniú

- Tuigeann muid gur próiseas leanúnach é cur i bhfeidhm an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Tá Muintearas tiomanta don Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo agus ár nósanna imeachta a thacaíonn lenár gcuspóir a chur i bhfeidhm, chun leanaí agus daoine óga a choinneáil sábháilte ó dhochar agus iad ag freastal ar ár seirbhísí.

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo gach Darna bliain **7/08/2025**, nó chomh luath in Éirinn agus is féidir tar éis athrú a theacht ar reachtaíocht nó ar aon chuspóir ábhartha a bhaineann lenár Ráiteas.

- Tá fáil ar an Ráiteas seo ar shuíomh Idirlín Mhuintearais, agus tá sí ar dtaispeáint in oifigí Mhuintearais uile. Tá an Ráiteas curtha ar fáil do gach uile ball foirne, oibrí deonach agus aon duine eile a bhaineann le seirbhísí Mhuintearais do pháistí agus do dhaoine óga. Is féidir cóip a chur ar fáil do thuismitheoirí / caomhnóirí ach sin a bheith iarrtha. Tabharfar cóip den Ráiteas seo do TUSLA má éilítear sin

Sínithe: ________________________________________ Dáta: ___________________

***Ainm agus Sonraí Teagmhálaithe:***

Muintearas Teoranta
Tír an Fhia
Leitir Móir
Co. na Gaillimhe

Teil:  091 551145 / 091 551412

R-phost:  muintearas@muintearas.com                    www.muintearas.com

Má bhíonn aon cheist agat, nó chun breis eolais a fháil faoin Ráiteas seo, téigh i dteagmháil leis an **Duine Ábhartha**:

**Máirín NicFhionghuin**
Leas Phríomhoifigeach Cúnta
Muintearas
Tir an Fhia
Leiir Móir
Co. na Gaillimhe

091 551145 / 086 2388457                mairin@muintearas.com

**Seo le n-úsáid má thagann rioscanna chun cinn**

**TEIMPLÉAD MEASÚNÚ RIOSCA**

**(Duine/daoine ag déanamh an Mheasúnú Riosca:                          Dáta:**

| Riosca Aitheanta | Cé atá freagrach? | Céard atá i bhfeidhm faoi láthair chun | Cé na gnímh a theastaíonn amach |
|---|---|---|---|

| | | an riosca a bhainistiú? | anseo? |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |